

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI05A

Téama

Gníomhaíocht ranga (GR). Smaoineoidh na daltaí ar thoitcheo, fadhb imshaoil áitiúil, agus cad is cúis leis, breathnóidh siad ar conas a chuathas i ngleic leis an bhfadhb agus glacfaidh siad páirt i ról imeartha le himscrúdú a dhéanamh ar an méid a bheidh le rá ag cuid de na daoine a bheidh ag plé leis an gceist.

Cuspóirí

Feasacht a fhorbairt maidir le fadhbanna imshaoil suntasacha a bhaineann leis an tír.

Smaointeoireacht chruthaitheach agus anailíseach a spreagadh maidir le fadhbanna coimpléascacha a mbíonn go leor tuaraimí ag baint leo.

Snáitheanna Curaclaim

OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht - Feasacht agus cúram imshaoil

OSIE, Eolaíocht - Eolaíocht agus an t-imshaoil

OSIE, Tíreolaíocht - Imshaoil dhaonna; Imshaoil nádúrtha

OSPS - Mé féin agus an domhan mór; Saoránacht a fhorbairt

Scileanna

Ag ceistiú, ag breathnú, ag iniúchadh, ag clárú agus ag plé

Am

20 nóiméad cur i láthair; 40 nóiméad ról imeartha agus ullmhúchán

Nascadh le Scoileanna Glasa

Ag smaoineamh ar fhadhbanna imshaoil áitiúla

Scéal an toitcheo

AG PLÉ SAINCHEISTEANNA IMSHAOIL

CAD A THEASTÓIDH UAIT

→ 'Scéal an toitcheo' atá faoi iamh agus preaschomhad

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

1 Léigh 'Scéal an toitcheo' leis an rang agus fiafraigh díobh cad a cheapann sé den scéal ar dtús.


2 Roinn na daltaí i ngrúpaí agus tabhair amach cóipeanna den phreaschomhad.

3 Tabhair amach chomh maith leis sin cóipeanna den tábla atá faoi iamh. Píoc ról ón tábla agus tabhair ceann do gach grúpa agus iarr orthu tobsmaoineamh ar na freagraí a d'fhéadfaidís a thabhairt ar an mbac atá ar bhreosla toiteach.

4 Iarr ar gach grúpa a gcuid smaointe a chur i láthair. D'fhéadfadh cruinniú poiblí a bheith i gceist leis seo sa phobal, agus daltaí ag glacadh ról dhifriúla orthu féin.

Ar aghaidh leat

1 Samhlaigh gur grúpa údaráis áitiúil tusa agus tú ag smaoineamh ar conas an caighdeán aeir a fheabhsú. Cad a mholfá do do cheantar? Déan liosta de na céimeanna le caighdeán aeir níos fearr a fháil i d'áit chónaithe. Cé air a gcuirfeadh do chuid gníomhartha isteach? Cé a d'fhéadfadh cur in aghaidh do chuid pleananna?



CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI05A

THE SMOG STORY

Is as na focail 'toit' agus 'ceo' a thagann an téarma 'toitcheo'. Úsáideadh an focal ar dtús i 1905 le cur síos ar an gceo súitheach a bhíodh i gcuid mhaith ceantar uirbeach sa Bhreatain ag an am. Laghdaítear toit agus truailliú go hiondúil nuair a mheascann an t-aer le haer níos glaine iad, agus ansin scaiptear iad agus iad measctha. Ach titeann toitcheo nuair a chuireann aimsir an-chiúin cosc air sin tarlú.

Go hiondúil laghdaíonn teocht an aeir de réir mar a théann tú níos airde: sin é an fáth a mbíonn sé níos fuaire ag barr sléibhe fiú amháin mura mbíonn aon ghaoth ann. Uaireanta mar gheall ar bhrú ard, luíonn sraith fuar aeir faoi shraith the. Tugtar inbhéartú teirmeach air sin. Cuireann inbhéartú teirmeach cosc ar thoit agus ar thruailliú ó shimléir agus ó charranna dul amach san atmaisféar uachtarach agus fanann an truailliú gar don talamh dá réir. Má bhíonn brú ard os cionn áite agus nach mbíonn mórán gaoithe ann is féidir leis an inbhéartú teirmeach fanacht sa cheantar ar feadh cúpla lá.

I mí na Nollag 1952, thit 'An Toitcheo Mór' i Londain, agus clúdaíodh an chathair le ceo ina raibh toit ar feadh cúpla lá. Dúnadh bóithre, ráillí iarnróid agus cuireadh stop le aerthaisteal. Meastar gur cailleadh thart ar 4,000 duine mar gheall ar an toitcheo. I ndiaidh 'An Toitcheo Mór' thug Rialtas na Breataine isteach cosc ar astuithe toiteacha dubh agus ritheadh dlíthe le go dtosódh áitritheoirí ó cheantair uirbeacha agus ó thionsclaíocha ag úsáid breoslaí neamhthoiteacha.

I ndiaidh na géarchéime ola a bhí ann (le linn na 1970aidí agus 1980adaí) thosaíomar ag brath go mór anseo in Éirinn ar ghual mar fhoinsé breosla agus téimh. Go luath sna 1980adaí thosaigh gach teach de chuid an údaráis áitiúil i mBaile Átha Cliath ag úsáid dlúthbhreosla mar fhoinsé téimh. I 1982 mar gheall ar cheo trom thuairiscigh Ospidéal Naomh Séamus i mBaile Átha Cliath ardú suntasach ar an líon básanna. D'éirigh an scéal níos measa sna geimhrí a bhí ann i ndeireadh na 1980adaí, agus thug an rialtas isteach cosc ar dhíol breoslaí toiteacha i mórcheantar Bhaile Átha Cliath i 1990.

Ag an am sin bhí imní ar dhíoltóirí guail faoin éifeacht a bheadh aige sin ar a gcuid gnó. Measann taighde leighis atá déanta gur tháinig laghdú 360 duine ar an líon a cailleadh in aghaidh na bliana mar thoradh ar an gcosc agus sin i mBaile Átha Cliath.

Ó shin i leith leathnaíodh an cosc chuig go leor cathracha agus bailte ar fud na hÉireann. Feidhmíonn an cosc ar dhíol breoslaí toiteacha anois i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, An tInbhear Mór, Droichead Átha, Dún Dealgan, Luimneach, Loch Garman, Cill Droichid, Gaillimh, Léim an Bhradáin, An Nás, Port Láirge, Bré, Cill Chainnigh, Sligeach agus i dTrá Lí.

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI05A

ar leanúint →

PREASCHOMHAD AR THOITCHEO

1. Preasráiteas faoi thoitcheo ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil 25/3/03

Leathnaíonn Cullen cosc ar ghual chuig ceithre cheantar uirbeach nua

Shínigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an tUasal Martin Cullen rialacháin inniu (25 Márta 2003) ag leathnú an choisc ar mhargaíocht, ar dhíol agus ar leathdháileadh gual biotúmanach chuig ceithre cheantar uirbeacha breise. Is iad seo a leanas na ceantair uirbeacha nua: **Bré, Cill Chainnigh, Sligeach** agus **Trá Lí**. Beidh éifeacht leis an gcosc an 1 Deireadh Fómhair 2003.

Eiseoidh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil bileog eolais phoiblí ar gach líon tí agus ar gach gnó sna ceantair nua ina mbeidh feidhm leis an gcosc níos déanaí i mbliana ag míniú na n-éifeachtaí agus na himpleachtaí a bheidh ag an gcosc ar na ceantair nua sin.

Táthar ag eisiúint na rialachán ón gcomhaontú idirbheartaithe a shínigh an Roinn agus an Grúpa Trádála Breosla (ag déanamh ionadaíochta ar na príomhallmhaireoirí agus dáileoirí dlúthbhreosla) i Meitheamh 2002 i ndiaidh comhchomhleoireachta ar chosc náisiúnta a d'fhéadfadh teacht isteach ar ghual biotúmanach agus ar chóc

peitríliam i 2001/2002. Chomh maith leis na háiteanna nua a bhfuil an cosc, forálann an comhaontú freisin go laghdófaí an méid sulfair i ngual biotúmanach agus i gcóc peitríliam go náisiúnta. Laghdóidh na beartais sin leibhéil toiteacha arda agus laghdóigh siad astuithe dé-ocsaíd sulfair de 6,500 tonna in aghaidh na bliana.

“Táim ríméadach as na rialacháin seo a shíniú agus dlí a dhéanamh díobh” a deir an tAire. ‘Beidh cuimhne ag aon duine a thug cuairt ar Bhaile Átha Cliath le linn gheimhrí dheiridh na 1980adaí ar an toitcheo uafásach a bhí ansin. Tá buntáistí an choisc ar ghual biotúmanach le feiceáil ag cách. Is léir ó thaighde leighis neamhspleách atá déanta go raibh titim 116 ar an líon daoine a cailleadh de bharr galair riosparáide agus titim 243 ar an líon a fuair bás de bharr galair chardashoithíocha in aghaidh na bliana agus sin i mBaile Átha Cliath amháin. Cinnteoidh na rialacháin nua seo go mbainfidh muintir Bhré, Chill Chainnigh, Shligigh agus muintir Thrá Lí tairbhe as aer níos glaine freisin”.

Feidhmíonn an cosc ar dhíol gual biotúmanach i dhá cheantar déag uirbeacha cheana féin: Baile Átha Cliath (ó 1990), Corcaigh (1995), An tInbhear Mór, Droighead Átha, Dún Dealgan, Luimneach, Loch Garman (1998) agus Cill Droichid, Gaillimh, Léim an Bhradáin, An Nás agus Port Láirge (2000). Tá

feabhas suntasach tagtha ar laghdú leibhéal toiteacha dá réir. Forálann an comhaontú leis an nGrúpa Trádála Breoslaí freisin go gcuirfear tuilleadh margáíochta ar fáil le haghaidh táirgí breosla neamhthoiteacha i gceithre cheantar uirbeacha breise (Baile Átha Luain, Ceatharlach, Cluain Meala agus Inis) suas go dtí 75% faoi 1 Deireadh Fómhair 2004.

Tabharfaidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh íocaíocht bhreise do dhaoine atá ag fáil cúnaimh leasa shóisialaigh le linn mhíonna an gheimhridh chun cuidiú le líon tí atá ar ioncam íseal an costas breise a bhaineann le dlúthbhreosla neamhthoiteach a íoc. Beidh costas €860k. ag baint le híocaíocht an Líuntais Breosla Fhorlíontaigh seo in aghaidh gach bliana iomláine i gcás na gceantar nua agus €13.6m. go náisiúnta.

“Chomh maith leis na buntáistí a bhainfidh le haer níos glaine sna ceantair nua ina mbeidh an cosc beidh baint freisin ag an gcomhaontú a rinneadh leis an nGrúpa Trádála Breoslaí ó thaobh teorainn astaithe náisiúnta na hÉireann a bhaint amach mar a éilítear faoi dhlí an AE agus faoin dlí idirnáisiúnta. Meastar go laghdóidh an comhaontú astuithe náisiúnta suas go dtí 6,500 tonna de SO₂ (dé-ocsaíd sulfair) in aghaidh na bliana agus beidh mé ag foilsiú plépháipir sula dtabharfaidh mé Straitéis

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI05A

ar leanúint →

Náisiúnta Laghdaithe Astaithe chun Rialtais níos déanaí i mblíana” a deir an tAire.

2. The Sligo Weekender,

Dé Máirt, 22 Meán Fómhair 2003

Tús leis an gcosc ar ghual toiteach an tseachtain seo chugainn

Ón tseachtain seo chugainn ar aghaidh beidh cosc ar líonta tí i gcodanna de bhaile Shligigh gual toiteach a dhó.

Beidh éifeacht leis an gcosc Dé Céadaoine agus i measc na mbailte a bheidh i gceist beidh Fionasclainn Baile Uí Dhúgáin agus An Chnapach Mhór.

Beidh Sligeach i measc bailte móra eile timpeall na tíre atá ag cur an phlean i bhfeidhm.

Ciallaíonn sé sin go mbeidh sé in aghaidh an dlí anois gual traidisiúnta mar Polish agus Texan a dhó laistigh de theorainn an bhaile.

Tá comhairlí baile agus comhairlí contae Shligigh tagtha le chéile chun an cosc seo a chur i bhfeidhm.

Deir Alice O'Rourke, Oifigeach Comhshaoil le Comhairle Bhuirge Shligigh go bhfuil sé mar aidhm acu an caighdeán aeir i gceantair uirbeacha a fheabhsú. “Cé go mbainfidh gach duine tairbhe as aer glan, tá sé cruthaithe go mbaineann na daoine is laige sa phobal buntáiste as an gcosc seo ar ghual biotúmanach, páistí óga, daoine scothaosta agus daoine a bhfuil tinneas riosparáide ag dul

dóibh ina measc”.

Ní chuirfidh an cosc isteach ar bhreoslaí eile a úsáidtear mar ghás, ola nó leictreachas. Breathnaítear ar adhmaid, ar mhóin agus ar bhríciní móna mar tháirgí neamhthoiteacha freisin.

Deir O'Rourke go mbíonn an oiread seo cineálacha breoslaí neamhthoiteacha ag soláthróirí áitiúla. Ina measc sin tá Magiglow, Fireflame agus Supercoal, guail neamhthoiteacha Arigna, brícíní móna, cnaipíní guail, Arigna EcoBrite (oiriúnach le haghaidh aonaid iata), Redflame Standard Anthracite (oiriúnach le haghaidh aonaid iata), black diamond Grád A Anthracite (oiriúnach le haghaidh aonaid iata) agus lomáin tine agus pacáí tine.

3. The Western People,

Déardaoin, 8 Samhain 2001

Díoltóirí guail i Maigh Eo ar buille faoin athrú chuig breoslaí neamhthoiteacha

Tiocfaidh díoltóirí guail agus breosla ón gcontae ar fad le chéile tráthnóna amárach (Dé Céadaoin) le beartas an rialtais maidir le cosc a chur ar dhól gual toiteach agus cóc peitрилam an chéad bhliain eile a phlé.

Ó rinneadh an fógra an mhí seo caite tá díoltóirí guail ar buille ar fud na tíre agus imní orthu go mbeidh a slite beatha i gcontúirt má thagann an reachtaíocht seo i bhfeidhm. Táthar ag súil go mbeidh éifeacht leis an gcosc ag

tús an tséasúir seo chugainn, agus tá tús leis an séasúr sin anois i gcás díoltóirí breosla.

Tionólfar an cruinniú a bheidh ar siúl sa Traveller's Friend, i gCaisleán an Bharraigh ag 8.30pm, le cinneadh a dhéanamh cén gníomh a bheidh le glacadh ag díoltóirí guail chun intinn an rialtais a athrú. Beidh fáilte roimh gach duine sa chontae a bhfuil spéis acu i ngnó an ghuaile chuig an gcruinniú.

Dar leis an gcomhairleoir as Cathair na Mart, Declan Dever, ar díoltóir gual é féin, má bhíonn éifeacht leis an gcosc cuirfidh sé go leor díoltóirí guail as gnó.

“Ní bheidh siad in ann teacht as seo” a deir sé.

“Ní hamháin go bhfuil cosc ar ghual toiteach; tá cóc peitрилam ar an liosta freisin. Bíonn sé seo le fáil i go leor guail neamhthoiteach. Mar sin is beag táirgí a bheidh fágtha ag díoltóirí gual le díol.”

Tá imní ar an gComhairleoir Dever freisin faoin tionchar a bheadh ag a leithéid de chosc ar dhaoine a úsáideann gual, go háirithe daoine scothaosta.

“Braitheann go leor daoine ar ghual le haghaidh teasa mar nach mbíonn d'acmhainn teas lárnach a chur ag obair. Ceannaíonn siad gual gach seachtain fiú amháin le linn mhíonna an tsamhraidh, ionas go mbeidh a ndóthain acu don gheimhreadh. Cuirfidh sé seo isteach go mór orthu.”

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI05A

FREAGRAÍ – PREASCHOMHAD AR THOITCHEO

Ón léitheoireacht atá déanta agat ar an bpreaschomhad ar thoitcheo, conas a chuirfeá síos ar fhreagraí agus ar thuairimí na ndaoine a bhfuil baint acu leis an scéal?

| Grúpaí nó daoine aonair a bhfuil baint acu leis an scéal | Cad a cheapfaidís |
|---|--------------------------|
| Dóltóir guail | |
| Duine a bhfuil plúchadh ag dul dó/di | |
| Oibrí in óstán i lár na cathrach | |
| Oifigeach feasachta imshaoil áitiúil | |
| Dalta scoile (a théann chuig an scoil ar rothar) | |
| Úinéir siopa áitiúil | |